



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR II

(110 marc)

DÉ MÁIRT, 14 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.50

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Freagair Ceist Iomlán, ((a) agus (b)), sa Phrós agus san Fhilíocht.

Maidir leis an bPrós:

Tá rogha ann idir an Cúrsa Ainmnithe (leathanach 2) agus an Cúrsa Roghnach (leathanach 6).

Maidir leis an bhFilíocht:

Tá rogha ann idir an Cúrsa Ainmnithe (leathanach 3, 4 agus 5) agus an Cúrsa Roghnach (leathanach 7).

Léigh na treoracha ar leathanach 1 sula bhfreagraíonn tú an Roinn seo.

CEIST 1

– PRÓS AINMNITHE –

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) “ ‘An bhfuil a fhios agat cad a cheannóm?’ arsa Tomás i gcogar liom.” (*Fiche Blian ag Fás*)
Tabhair **cuntas** ar ar tharla ina dhiaidh sin sa scéal go dtí gur fhág na buachaillí an teach
tábhairne. (25 mharc)
- (ii) Cén sórt duine é Tomás dar leat? Déan cur síos **gairid** air.
Abair cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sé leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) Tabhair **cuntas** ar ar tharla sa ghearrscannán *Clare sa Spéir* ó d’fhág Eoin an teach an chéad
mhaidin go dtí deireadh an scannáin. (25 mharc)
- (ii) Cén sórt duine í Clare dar leat? Déan cur síos **gairid** uirthi.
Abair cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) ‘Buachaillí óga agus cailíní óga ag obair ar an bportach. Spórt agus gáirí acu.’ (*Lá Bui Bealtaine*)
Tabhair **cuntas** ar ar tharla idir Nóinín agus Peadar an samhradh sin nuair a bhí siad óg.
(25 mharc)
- (ii) Cén sórt duine é Páid Ó Sé (fear a bhí i ngrá le Nóinín), dar leat?
Déan cur síos **gairid** air. Abair cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sé leat.
(Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- (b) (i) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, *Lig Sinn i gCathú,*
An Bhean Óg / Coileach Ghleann Phádraig agus *An Cearrbhach Mac Cába*, roghnaigh
saothar **amháin** díobh a bhfuil ceann **amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann.
Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

saol na tuaithe
uaigneas

grá (nó fuath)
draíocht

gliceas
saol na hollscoile

(20 marc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, *Lig Sinn i gCathú,*
An Bhean Óg / Coileach Ghleann Phádraig agus *An Cearrbhach Mac Cába*, roghnaigh
saothar **amháin** díobh. Tabhair cuntas **gairid** ar **dhá** rud ann, rud amháin a thaitin leat
agus rud amháin nár thaitin leat. (20 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) (a) Cár shuigh an ghealt ar an mbus? (*Gealt?* thíos)
 (b) Cad a rinne na Gardaí i Ráth Fearnáin?
 (c) Cá raibh an rúnaí ag dul?
 (d) Cén duine a d'aithin an Ghealt nuair a stad an bus? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** íomhá (pictiúr) atá sa dán. Déan cur síos i **d'fhocail féin** ar an **dá** íomhá (pictiúr) sin sa dán. (8 marc)
- (iii) (a) Conas a léirigh an bhean óg go raibh sí an-neirbhíseach?
 (b) Cad a bhí ag na dochtúirí nuair a tháinig siad go dtí an bus?
 (c) Cén fáth a raibh an rúnaí chomh buartha sin? (9 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

GEALT?

Léim gealt in airde ar bhus a sé déag inné
 agus pitseámaí air – stríocaí liath is dearg orthu!
 Shuigh sé síos in aice le fear a raibh babhlaer agus *brieffcase* air!
 Rug an créatúr greim an duine bháite ar a *bhrieffcase*!
 Trí shuíochán síos uaidh chrosáil bean a cosa!
 Rug máthair greim an duine bháite ar a páiste!
 D'fhéach an páiste ar an ngealt!
 Rinne an ghealt meangadh mór mantach gáire!

Labhair an tiománaí le fear an *depot*!
 Labhair fear an *depot* le lucht 999!
 Fuair sé lucht dóiteáin ar dtús is d'fhiafraigh siadsan de
 an raibh an ghealt i mbaol nó tré thine nó in airde ar chrann
 – Ní raibh!
 Bhris an fear dóiteáin an líne!
 Ghlan an tiománaí sruth allais dá éadan!
 ‘A Chríost,’ a scread sé – de chogar ar eagla go gcloisfeadh
 gealt na bpitseámaí é – ‘Cuir fios ar na *bloody* Gardaí!’

Tháinig na Gardaí is ghlanadar an bóthar amuigh i Ráth Fearnáin!
 Tháinig an t-arm is luíodar taobh thiar dá leoraithe,
 meaisínghunnaí crochta!
 Tháinig na dochtúirí lena gcuid steallairí is le veist cheangail
 ... Tháinig an bus!
 Bhí fear an *bhrieffcase* báite ina chuid allais féin!
 Bhí briste an tiománaí fliuch!
 Bhí bean na gcos crosáilte fós coschrosáilte!
 Bhí rúnaí a bhí le bheith in oifig mhór i Sráid Chamden
 leathuair a' chloig ó shin anois i Ráth Fearnáin!

Bhí an páiste ag stánadh ar an ngealt!
 Bhí an ghealt ag súgradh le cnaipí a phitseámaí
 – é fós ag gáire go mantach!
 ... Stad an bus!
 ... D'ardaigh an ghealt a cheann!
 D'aithin sé dochtúir! D'aithin an veist cheangail!
 Is é fós ag gáire léim sé suas is rith amach an doras
 Isteach i lámha an dochtúra! Isteach sa veist a bhí gan lámha!

Istigh sa bhus phléasc osna faoisimh!
 Níor labhair ach an páiste –
 ‘A Mhamáí, cén fáth nach ligfeá domsa mo phitseámaí
 a chaitheamh ar an mbus?’

NÓ

- (i) (a) Cén fáth a bhfuil an file ag gol? (*Bímse Buan ar Buairt Gach Ló* thíos)
(b) Conas atá a fhios agat nár chodail an file?
(c) Cé eile atá brónach?
(d) Cén t-ainm a thugann an file ar a laoch? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** mhothúchán atá sa dán.
Déan cur síos, i **d'fhocail féin**, ar an **dá** mhothúchán sin sa dán. (8 marc)
- (iii) Luaigh **trí** rud sa dán a thaispeánann go raibh an dúlra trína chéile. (9 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Bímse Buan ar Buairt Gach Ló

Bímse buan ar buairt gach ló,
ag caoi go crua 's ag tuar na ndeor,
mar scaoileadh uainn an buachaill beo
's ná ríomhthar tuairisc uaidh, mo bhrón!

Curfá:

Is é mo laoch, mo ghille mear,
is é mo Shaesar, gille mear;
ní bhfuaireas féin aon tsuan ar séan
ó chuaigh i gcéin mo ghille mear.

Ní haoibhinn cuach ba suaire ar neoin,
táid fíorchoin uaisle ar uatha spóirt,
táid saoithe 's suadha i mbuairt 's i mbrón
ó scaoileadh uainn an buachaill beo.

Níor éirigh Phoebus féin ar cóir,
ar chaomhchneas ré tá daolbhrat bróin,
tá saobha ar spéir is spéirling mhór
chun sléibhe i gcéin mar d'éala' an leon.

Níl séis go suaire ar chruachruit cheoil,
tá an éigse i ngruaim gan uaim 'na mbeol,
táid béithe buan ar buairt gach ló
ó théarnaigh uainn an buachaill beo.

- (b) (i) Maidir leis an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa* (thíos), roghnaigh mothúchán **amháin** as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin mothúchán atá roghnaithe agat.

sásamh/faoiseamh
míshásamh

grá
síocháin

uaigneas
buairt aigne

(20 marc)

NÓ

- (ii) Maidir leis an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa* (thíos), tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar íomhá (pictiúr) **amháin** sa dán a thaitin go mór leat.

(20 marc)

Faoiseamh a Gheobhadsa

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine
Ar oileán mara,
Ag siúl cois cladaigh
Maidin is tráthnóna
Ó Luan go Satharn
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine,
Ó chrá chroí
Ó bhuairt aigne
Ó uaigneas dhuaire,
Ó chaint ghontach,
Thiar ag baile.

Léigh na treoracha ar leathanach 1 sula bhfreagraíonn tú an Roinn seo.

CEIST 1

– PRÓS ROGHNACH –

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le sliocht as **dírbheathaisnéis** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar na príomhimeachtaí (rudáí) a tharla sa sliocht sin. (23 mharc)

Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar phearsa amháin a thaitin (**nó** nár thaitin) leat. Abair cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le **gearrscannán** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar an eachtra is mó a thaitin (**nó** nár thaitin) leat sa ghearrscannán sin. (23 mharc)

Ní mór teideal an ghearrscannáin sin, mar aon le hainm an stiúrtóra, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar phearsa (carachtar) amháin sa ghearrscannán sin a thaitin (**nó** nár thaitin) leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le **dráma** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar na príomhimeachtaí (rudáí) a tharla sa dráma sin. (23 mharc)

Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar phearsa (carachtar) amháin sa dráma sin a thaitin (**nó** nár thaitin) leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

- (b) (i) Maidir leis na saothair phróis eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas, roghnaigh saothar **amháin** díobh a bhfuil ceann **amháin** de na téamaí seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin téama atá roghnaithe agat.

| | | | |
|-----------------------------|----------------------------|------------------|-----------|
| saol na tuaithe uaigneas | grá (nó fuath) draíocht | gliceas áthas | (18 marc) |
|-----------------------------|----------------------------|------------------|-----------|

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na saothair phróis eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas, roghnaigh saothar **amháin** díobh. Tabhair cuntas **gairid** ar **dhá** phearsa (carachtar) ann, pearsa (carachtar) amháin a thaitin leat **agus** pearsa (carachtar) amháin nár thaitin leat. (18 marc)

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** íomhá (pictiúr) atá sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) An dóigh leat go bhfuil teideal an dáin seo oiriúnach? Cuir fáth **amháin** le do thuairim. (7 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)

NÓ

- (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean nó fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, abair cén mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** mheafar a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an **dá** mheafar sin. (8 marc)
- (iii) Scríobh nóta **gairid** faoi rud **amháin** sa dán a bhí suimiúil, dar leat. (8 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)
- (b) (i) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas, roghnaigh dán **amháin** díobh a chum **fear** agus a bhfuil ceann **amháin** de na mothúcháin seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin mothúchán sin atá roghnaithe agat.

sásamh / faoiseamh
míshásamh

grá
síocháin

uaigneas
buairt aigne

(18 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.

(2 mharc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas, roghnaigh dán **amháin** díobh a chum **fear**. Tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar íomhá (pictiúr) **amháin** sa dán a thaitin leat (**nó** nár thaitin leat). (18 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)

Leathanach Bán